2024/1848

3.7.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1848 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 26 Meitheamh 2024

maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1745 (EUNAVFOR MED IRINI/3/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ([1]), go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472, lenar bunaíodh agus lenar seoladh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) De bhun Chinneadh (CBES) 2020/472, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar EUNAVFOR MED IRINI ('Ceannasaí Oibríochta an Aontais').

(3) An 23 Meán Fómhair 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/1745 ([2]), lenar ceapadh Seachaimiréal Stefano TURCHETTO mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

(4) An 17 Bealtaine 2024, mhol údaráis mhíleata na hIodáile go gceapfaí an Seachaimiréal Valentino RINALDI i gcomharbhas ar an Seachaimiréal Stefano TURCHETTO mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais ón 19 Iúil 2024.

(5) An 23 Bealtaine 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an gceapachán molta.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an Seachaimiréal Valentino RINALDI a cheapadh mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1745 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Valentino RINALDI mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 19 Iúil 2024.

Airteagal 2

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1745.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 19 Iúil 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An tUachtarán

D. PRONK

([1]) IO L 101, 1.4.2020, lch. 4.

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/1745 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 23 Meán Fómhair 2021 maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 350, 4.10.2021, lch. 1).